



ÓGLAIGH NA HÉIREANN

Scéim Óglaigh na hÉireann 2010 – 2013

Faoi alt 15 d'Acht na
dTseangacha Oifigiúla
2003

**Scéim Óglaigh na hÉireann 2010-2013
faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

**Defence Forces' Scheme 2010-2013
Under Section 15 of the Official Languages Act 2003**



Scéim Óglaigh na hÉireann 2010-2013

Scéim Óglaigh na hÉireann 2010-2013

CLÁR

Caibidil 1 Cúlra

- 1.1 Réamhrá
- 1.2 Athbhreithniú ar oibriú na Chéad Scéime
- 1.3 Cuspóir na Dara Scéime
- 1.4 Dáta Tosaigh

Caibidil 2 Forbhreatnú ar Óglaigh na hÉireann

- 2.1 Misean
- 2.2 Rólanna
- 2.3 Custaiméirí
- 2.4 Feidhmeanna Óglaigh na hÉireann
- 2.5 Measúnú ar na seirbhísí atá arna sholáthar ag Óglaigh na hÉireann
- 2.6 Polasaí Gaeilge Óglaigh na hÉireann

Caibidil 3 Achoimre ar na Seirbhísí Gaeilge agus na feabhsúcháin atá beartaithe do 2010-2013.

- 3.1 Pointí Teagmhála leis an bPobal
- 3.2 Bealaí chun Eolas a scaipeadh ar an bPobal
- 3.3 Seirbhísí a sheachadadh

Caibidil 4 Faireachán agus Athbhreithniú

Caibidil 5 Poiblíocht agus cur chun cinn na Scéime Comhaontaithe

CONTENTS

Chapter 1 Background

- 1.1 Introduction
- 1.2 Review of First Scheme
- 1.3 Objectives of the Second Scheme
- 1.4 Commencement Date

Chapter 2 Overview of Óglaigh na hÉireann

- 2.1 Mission
- 2.2 Roles
- 2.3 Customers
- 2.4 Defence Forces' Functions
- 2.5 Assessment of Services provided by Óglaigh na hÉireann
- 2.6 Óglaigh na hÉireann Irish Language Policy

Chapter 3 Summary of Irish Language Services and improvements planned for 2010-2013

- 3.1 Points of Contact with the Public
- 3.2 Methods of Dissemination of Information to the Public
- 3.3 Services Delivered

Chapter 4 Monitoring and Review

Chapter 5 Publicising and Promoting the Agreed Scheme

Defence Forces' Scheme 2010-2013

Scéim Óglaigh na hÉireann 2010-2013

Caibidil I – Cúlra

I.1 Réamhrá

Is é seo an dara Scéim atá ullmhaithe ag Óglaigh na hÉireann faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Is é aidhm na Scéime ná méadú ar an dul chun cinn a rinneadh ó thaobh seirbhísí trí Ghaeilge agus seirbhísí dátheangacha a sholáthar do chustaiméirí Óglaigh na hÉireann.

D'fhoilsigh Óglaigh na hÉireann fógra ar 02 Deireadh Fómhair 2009 faoi Mhír 13 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ag fáiltí roimh uiríl maidir le hullmhúchán na dréachtscéime ó aon pháirtí leasmhara. Fuarthas dhá aighneacht ó eagraíochtaí lasmuigh d'Óglaigh na hÉireann. Tugadh aird orthu agus an Scéim seo á chur le chéile.

Chuathas i gcomhairle go forleathan le baill Óglaigh na hÉireann agus cuireadh na moltaí sin san áireamh agus an Scéim nua seo á fhorbairt.

I.2 Athbhreithniú ar oibriú na chéad Scéime

Ba dhúshlán mór é d'Óglaigh na hÉireann scéim Ghaeilge a chur le chéile i 2006 chun seirbhísí Gaeilge a sholáthair dá gcustaiméirí. In ainneoin go raibh

iomaire nua le treabhadh againn, bhí buntáistí ann sa chaoi go raibh polasaí Gaeilge eisithe againn cheana féin i 2004 agus go raibh traidisiún na teanga agus an chultúir bunaithe go daingean ag ceannairí tosaigh an Airm a mhaireann fós ann. Tá comharthaí infheicthe an traidisiún seo sna focail orduithe Gaeilge, san aonad Gaelach An Chéad Chathlán Coisithe agus san Fhoclóir Míleata chomh maith le tacaíocht láidir agus bá don teanga i measc na bhfórsaí.

Cruthaíodh liosta forleathan de chuspóirí sa chéad scéim chun freastal ar bhailí den eagraíocht féin agus ar an bpobal i gcoitinne. Comhlíonadh na gealltanais sin agus rinneadh dul chun cinn maidir le caomhnú na teanga laistigh den eagraíocht agus ar chóras a chur i bhfeidhm chun seirbhísí bunúsacha a thairiscint trí mheán na Gaeilge.

Is iad na príomh seirbhísí a sholáthraíodh sa chéad scéim ná:

- Suíomh gréasáin dhátheangach
- Leagan Gaeilge ar fhoirmeacha iarratais inmheánacha
- Fógraí, comharthaí, suaitheantaí, preasráitis, leabhráin earcaíochta agus foilseacháin áirithe eisithe as Gaeilge nó dátheangach.
- Oifigigh le cumas sa Ghaeilge lonnaithe sna hoifígi a bhíonn i dteaghmáil leis an bpobal.

Chapter I - Background

I.1 Introduction

This is the second scheme prepared by Óglaigh na hÉireann under the Official Languages Act 2003.

The aim of the second scheme is to improve on the progress made in providing services the public through the medium of Irish and bilingually.

Óglaigh na hÉireann published a notice on 2 Oct 2009 under Section 13 of the Official Languages Act 2003 inviting observations on the draft scheme from any external party. Two submissions were received from organisations outside of Óglaigh na hÉireann and these were taken into account in the preparation of the scheme.

Members of Óglaigh na hÉireann were widely consulted and their recommendations were reflected in the scheme.

I.2 Review of the First Scheme

It was a big challenge for the Defence Forces to prepare a scheme for the provision of services through Irish to its customers in 2006. Despite this being a new departure, the Defence Forces had some advantages in

that it had published an Irish language policy in 2004 and in its tradition of support for the language and for Irish culture that had been established by the founders of the Army and that survives to the present day. The visible signs of this tradition can be seen in the practice of delivering words of command through Irish, the existence of a designated Irish speaking unit, the First Infantry Battalion in Galway, the availability of an English-Irish dictionary of military terms as well as strong support for the language amongst the forces generally.

A broad range of objectives was established in the first scheme to serve the members of the organisation itself and the public in general. The majority of the undertakings were fulfilled and a system was established whereby basic services through Irish were offered.

The main services provided in the first scheme were:

- A bilingual website
- An Irish language version of application forms for internal use.
- The publication of advertisements, signs, press releases, recruitment booklets and other documents in bilingual form.
- The appointment of officers with Irish language capabilities to the areas involved in contact with the public.

Scéim Óglaigh na hÉireann 2010-2013

- Oifigigh Ghaeilge ar fáil do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha.

1.3 Cuspóir na Dara Scéime

Tá an dara Scéim Gaeilge seo bunaithe ar an tuiscint gur comhlíonadh na gealltanais ar fad a bhí tugtha sa chéad Scéim. I gcás nár comhlíonadh na gealltanais go léir sa chéad scéim tá Oifig an Choimisiúna Teanga tar éis déileáil leis. Is é cuspóir atá leis an dara Scéim ná go leanfar ar aghaidh leis an obair chun na gealltanais seo a chomhlíonadh agus go gcuirfear leis an ndul chun cinn a baineadh amach i gcaitheamh tréimhse na céad Scéime chun seirbhís trí mheán na Gaeilge a thairiscint dár gcuistaiméirí.

Tugtar gealltanais sa Scéim nua seirbhísí atá ar fáil go dátheangach a fheabhsú agus a threisiú ar mhaithe lenár gcuistaiméirí inmheánacha agus seachtracha.

1.4 Dáta Tosaigh

Tá an scéim seo formheasta ag an Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta. Tiocfaidh an scéim i bhfeidhm ar **22 Nollaig 2010** agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta seo nó go dtí go bhfuil scéim nua cinntithe ag an Aire de réir Ailt 15 den Acht, cibé ceann is luaithe.

-
- The availability of Irish Language Officers to internal and external customers.

1.3 Objective of the Second Scheme

The second scheme is based on the understanding that the objectives of the first scheme have been fulfilled. In any case where objectives were not fully attained, these were highlighted during the monitoring process carried out by Oifig an Choiminséara Teanga and these have been subsequently addressed. The objective of this scheme is to build on progress that has been achieved in providing a service through the medium of Irish to our customers.

1.4 Commencement Date

This scheme has been approved by the Minister for Community, Equality and Gaeltacht Affairs. The scheme will commence with effect from the **22nd of December 2010** and shall remain in force for a period of 3 years from this date or until a new scheme has been confirmed by the Minister pursuant to Section 15 of the Act, whichever is earlier.

Caibidil 2

Forbhreathnú ar Óglaigh na hÉireann

2.1 Misean

Is é misean Óglaigh na hÉireann:

Soláthar do chosaint mhíleata an Stát, cur le síocháin agus slándáil idirnáisiúnta agus gach ról eile a shannann an Rialtas a chomhlíonadh.

2.2 Rólanna

Is iad seo a leanas na rólanna atá sannta ag an Rialtas:

- a. An Stát a chosaint ar fhogha armtha; ó tharla gur éileamh teagmhasachta é seo braithfidh ullmhúcháin dá fheidhmiú ar mheastóireacht leanúnach an Rialtais ar bhagairtí.
- b. Cuidiú don Chumhacht Shíbhialta (a chiallaíonn i gcleachtas cuidiú, nuair a élítear sin, leis an nGarda Síochána, a bhfuil an phriomhfhreagracht orthu i dtaca le dlí agus cirt, lena n-áirítear slándáil inmheánach an Stát).
- c. A bheith rannpháirteach i dtacaíocht síochána ilnáisiúnta, i mbainistíocht ghéarchéime agus in oibríochtaí faoisimh dhaonna mar thacaíocht do na

Náisiúin Aontaithe agus faoi shainordú na Náisiún Aontaithe lena n-áirítear misin slándála réigiúnacha atá údaraithe ag na Náisiúin Aontaithe.

- d. Seirbhís chosanta iascach a chur ar fáil de réir oibleagáidí an Stát mar bhall den Aontas Eorpach.
- e. Gach dualgas eile den sórt a chur i gcrích de réir mar a bheidh siad sannta ó am go ham m.sh. cuardach agus tarrtháil, seirbhís aer-otharchairr, seirbhís aeriompair aireachta, cúnamh le linn ócáidí tubaisteacha nádúrtha nó eile, cúnamh maidir le seirbhísí riachtanacha a chothabháil, cúnamh maidir le truailliú ola a stopadh ar muir.

2.3 Custaiméirí

a. Custaiméirí Inmheánacha

I gcás Óglaigh na hÉireann, is é a thuigtear le custaiméirí inmheánacha ná ‘...baill seirbhíse Óglaigh na hÉireann i.e. gach ball de na Buan-Óglaigh (Arm, Aerchór agus Seirbhís Chabhlaigh) agus gach ball de na hÓglaigh Chúltaca, i.e. an chéad líne cültaca agus an dara líne cültaca, lena n-áirítear Cúltaca an Airm agus Cúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh agus ár gcomhleacaithe sa Roinn Cosanta.

b. Custaiméirí Seachtracha

Is é a thuigtear le custaiméirí seachtracha Óglaigh na hÉireann ná ‘...aon bhall den phobal, na Ranna

Chapter 2 - Overview of Óglaigh na hÉireann

2.1 Mission

The mission of Óglaigh na hÉireann is:

“To contribute to the security of the State by providing for the military defence of its territorial integrity and to fulfil all roles assigned by Government, through the deployment of well-motivated and effective Defence Forces”.

2.2 Roles

The roles assigned by the Government are:

- a. To defend the State against armed aggression; this being a contingency, preparations for its implementation will depend on an ongoing Government assessment of threats.
- b. To aid the Civil Power (meaning in practice to assist, when requested, An Garda Síochána, who have primary responsibility for law and order, including the protection of the internal security of the State).
- c. To participate in multinational peace support, crisis management and humanitarian relief operations in support of the United Nations and under UN mandate, including regional security missions authorised by the UN.

d. To provide a fishery protection service in accordance with the State's obligations as a member of the European Union.

e. To carry out such other duties as may be assigned from time to time e.g. search and rescue, air ambulance service, Ministerial air transport service, assistance on the occasion of natural or other disasters, assistance in connection with the maintenance of essential services, assistance in combating oil pollution at sea.

2.3 Customers

a. Internal Customers

For Óglaigh na hÉireann, internal customers are defined in the Customer Services' Action Plan of Óglaigh na hÉireann as ‘...serving members of the Defence Forces i.e. all members of the Permanent Defence Force Army, Air Corps and Naval Service) and all members of the Reserve Defence Force i.e. the first line reserve and the second line reserve (which includes, Cúltaca an Airm and Cúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh) and our colleagues in the Department of Defence’.

b. External Customers

The external customers of Óglaigh na hÉireann are ‘... members of the Public, Government

Scéim Óglaigh na hÉireann 2010-2013

Rialtais nō den tSeirbhís Phoiblí lena n-áirítear An Roinn Gnóthaí Eachtracha, Roinn na Mara agus Acmhainní Nádúrtha, An Roinn Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, An Garda Síochána agus gach iarbhaill d'Óglaigh na hÉireann atá ar scor.

2.4 Feidhmeanna Óglaigh na hÉireann

a. Aschuir Sheachtracha

- (1) Cosaint Stáit.
- (2) Oibríochtaí Díonachta Idirnáisiúnta agus Réigiúnacha.
- (3) Seirbhísí Tacaíochta don Rialtas
- (4) Cuidiú don Chumhacht Sibhialta
- (5) Cuidiú d'Údarás Sibhialta.

b. Rannóga Tacaíochta Inmheánacha

- (1) An Oifig Pleanála Straitéisí
- (2) An Rannóg Riaracháin
- (3) An Rannóg um Bainistiocht Acmhainní Daonna
- (4) An Cór Seirbhísí Cumarsáide agus Eolais (teileacumarsáide agus eolas teicneolaíocha).
- (5) Rannóg Traenála Óglaigh na hÉireann.
- (6) Cór na lnnealtóirí.
- (7) An Cór Ordanáis
- (8) An Cór lompair
- (9) Clóphreas Óglaigh na hÉireann

Departments and the Public Service including the Department of Foreign Affairs, the Department of Marine and Natural Resources, the Department of Justice, Equality and Law Reform, An Garda Síochána and all retired members of the Defence Forces.'

2.4 Defence Forces' Functions

a. Outputs

- 1) Conventional defence operations.
- 2) International and regional security operations.
- 3) Government support services.
- 4) Aid to the civil power.
- 5) Aid to civil authorities

b. Internal Support Section

- 1) Strategic Planning Office.
- 2) Administration Section.
- 3) Human Resource Management Section.
- 4) Communication and Information Services Corps Section (telecommunications and information technology).
- 5) Defence Forces' Training Section.
- 6) Corps of Engineers
- 7) Ordnance Corps
- 8) Transport Corps
- 9) Defence Forces' Printing Press

2.5 Measúnú ar na seirbhísí atá ann cheana féin trí Ghaeilge

Déanann daoine ón bpobal teagmháil le hÓglaigh na hÉireann, de ghnáth tríd an bPreas Oifig agus, an Oifig um Chomórtas agus Farcaíocht, le fiosrúcháin a mbaineann le hábhair chosanta. Tá Óglaigh na hÉireann tiomanta ar sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge agus spreagtar úsáid na Gaeilge laistigh den eagraíocht agus lenár gcustaiméirí seachtracha araoí.

2.6 Polasaí Gaeilge Óglaigh na hÉireann

Faoi Airteagal 8 den Bhunreacht is í an Ghaeilge teanga Náisiúnta agus príomhtheanga oifigiúil an Stáit agus tá áit ar leith aici laistigh d'Óglaigh na hÉireann. Faoin Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí agus go háirithe i gcomhthéacs Seirbhísí ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí tá ról le himirt ag Óglaigh na hÉireann chun polasaí dátheangachas an Rialtais a chur chun cinn agus a chinntíú go mbíonn ár n-ionadaithe in ann seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar trí mheán na Gaeilge.

2.6.1 Treoir Riaracháin Inmheánach

I mí na Samhna 2004 d'fhoilsigh Óglaigh na hÉireann Polasaí Teangacha Oifigiúla faoin teideal Treoir Riaracháin A8 Caibidil 5. Is í aidhm na Treorach ná a chinntíú go gcomhlíonann Óglaigh na hÉireann a

2.5 Assessment of Existing Services through Irish

The public normally contact the Defence Forces on military matters through the Press Office and the Competitions Office. The Defence Forces is dedicated to providing services through Irish and encouraging the use of Irish both within the organisation and among our external customers.

2.6 Irish Language Policy of Óglaigh na hÉireann

The Irish language is the first official language of the State under Article 8 of the Constitution and is highly regarded within the Defence Forces. Under the Strategic Management Initiative and particularly in the context of the Quality Customer Service the Defence Forces has a role to play in promoting the bilingual policy of the Government and ensuring that that its representatives are capable of providing a high standard of services through the medium of Irish.

2.6.1 Internal Administrative Instruction

In Nov 2004 the Defence Forces published an internal document entitled Defence Forces Administrative Instruction A8 Chapter 5, Official Languages Policy. The

Scéim Óglaigh na hÉireann 2010-2013

n-oibleagáidí faoi choinníollacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus go gcloíonn siad le prionsabail Ardchaighdeán Seirbhísí Chustaiméara (comhionnanas na dTeangacha Oifigiúla) mar atá leagtha síos ag an Rialtas faoin dTionscnamh Bainistíochta Straitéiseach (TBS).

2.6.2 Comhairle Ghaeilge Óglaigh na hÉireann

Faoi alt 202 Treoir Riarachán A8 Caibidil 5 bunaíodh Comhairle Ghaeilge Óglaigh na hÉireann. Tá an Chomhairle freagrach as gach ní a bhaineann leis an nGaeilge agus leis an gcultúr agus caithfidh siad comhairle a chur ar an gCeann Foirne dá réir. Tá an Chomhairle cumtha d'ionadaithe as gach Briogáid, ATÓÉ, an tAerchór agus an tSeirbhís Chabhlaigh. Is é an tOifigeach Gaeilge Sinsearach an Cathaoirleach.

aim of the Instruction is to ensure that the organisation fulfils its obligations under the terms of the Official Languages Act 2003 and that it abides by the principals of the Quality Customer Service (Official Languages equality) as set out by the Government under the Strategic Management Initiative.

2.6.2 Comhairle Gaeilge Óglaigh na hÉireann

The Defence Forces Language Council (Comhairle na Gaeilge Óglaigh na hÉireann) was established under Para 202 of Administrative Instruction A8 Chapter 5. It is responsible for all matters pertaining to the Irish language and Irish culture and must advise the Chief of Staff accordingly. The Comhairle comprises representative from each Brigade, the Defence Forces Training Centre, the Air Corps and the Naval Service. The senior Irish Language Officer acts as Chairman.

Scéim Óglaigh na hÉireann 2010-2013

Caibidil 3

Achoimre ar na Seirbhísí Gaeilge agus na Feabhsúcháin atá beartaithe do 2010-2013

Tá sé mar pholasaí ag Óglaigh na hÉireann seirbhísí ardchaighdeánacha a sholáthair i nGaeilge nó go dátheangach dá gcuimhneoirí. Leagtar amach sa Chaibidil seo na bearta agus na gníomhartha, a dtabharfaidh Óglaigh na hÉireann fúthu thar na trí bliana seo chugainn chun cur leis an dul chun cinn a rinneadh maidir le forbairt sheirbhísí dátheangacha thar thréimhse na Scéime deiridh.

3.1 Pointí Teagmhála leis an bPobal

I gcomhréir leis an gcleachtas caighdeánach Seirbhísí Ardchaighdeán do Chustaiméirí (QCS) leanfar lena chinntí go dtabharfaidh oibritheoirí lasc-chláir i ngach suíomh míleata:

- Ainm an tsuíomh/na bearice i nGaeilge agus i mbÉarla;
- Go mbeadh siad eolach ar a laghad ar na bunbheannachtaí i nGaeilge;
- Go mbeadh socruthé oiriúnacha ann le go mbeadh siad in ann baill den phobal a chur i dteaghmáil gan mhoill le cibé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a bhítear a lorg trí Ghaeilge.

Chapter 3 - Review of the Irish Language Services and Improvements Planned for 2010-2013

It is the policy of the Defence Forces to provide a high level of services to its customers in Irish or bilingually. This chapter sets out the plans and activities that the organisation will provide over the next three years to improve on the progress made during the life of the previous scheme.

3.1 Points of Contact with the Public

In line with the practice of Quality Customer Service (QCS) we will continue to ensure that switchboard operators in each military post will:

- In line with the principle of Quality Customer Service to give the location of the post in Irish and in English;
- Be familiar with the basic greetings in Irish at a minimum;
- Be in a position to put the customer in contact immediately with the office or officer responsible for the service to be delivered through the medium of Irish.

Cuirfear cairt eagraíochta ar fáil i ngach Aonad d'Óglaigh na hÉireann a léiríonn cé hiad na baill atá toilteanach agus oilte le seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge

Leanfar leis an gcóras go lónfaidh oifigeach, atá líofa i nGaeilge, ceapachán amháin ar a laghad sa Phreas-Oifig.

Sprioc: Leanúnach

3.1.1. Achoimre ar na haonaid a bhíonn i gCumarsáid Dhíreach leis an bPobal

Leanfar leis an gcóras go mbeidh duine amháin ar a laghad den fhoireann sna suíomhanna seo a leanas in ann déileáil go héifeachtach trí mheán na Gaeilge le custaiméirí seachtracha:

- An Oifig Pleanála Straitéisí.
- Rannóg Cайдrimh Phoiblí Óglaigh na hÉireann.
- An Rannóg um Earcaíocht agus Comórtais.
- An Rannóg um Shaoráil Faisnéise.
- Stiúrthóireachtaí Córí.
- Oifigí Daonchumhachta Briogáide.
- Preas-Oifigí Briogáide.
- An tSeirbhís Chabhlaigh.
- Airmheáin Traenála na nÓglach Cúltaca i réigiún Ghaeltachta.

3.2 Bealaí Chun Eolas a Scaipeadh ar an bPobal

Déantar cumarsáid leis an bpobal go príomha trí:

An organisational chart containing the name and contact number of personnel who are competent to provide services through Irish will be placed in every unit of the Defence Forces.

3.1.1 Summary of Units in Direct Communication with the Public

The following units will continue to have at least one member of staff capable of dealing effectively with external customers through the medium of Irish made available:

- The Strategic Planning Office.
- Defence Forces' Public Relations Section.
- Recruitment and Competitions Section.
- Freedom of Information Section.
- Corps Directorates.
- Brigade Manpower Offices.
- Brigade Press Offices.
- Naval Service.
- Training Centres of Na hÓglaigh Chúltaca in Gaeltacht regions

3.2 Means of Dissemination of Information to the Public

Óglaigh na hÉireann communicate with the public principally through:

Scéim Óglaigh na hÉireann 2010-2013

- a. Doiciméid a fhoilsiú, i gcomhar leis An Roinn Cosanta, mar thoradh díreach ar oibleagáidí a eascraíonn as reachtaíocht achartaíthe (Tuarascálacha Blantúla, Plean Gníomhaíochta Seirbhísí do Chustuméirí srl.)
- b. Feachtas earcaíochta (Teilifís, raidió agus nuachtáin).
- c. Preasráitis.
- d. Comhfhareagras scríofa.
- e. Bróisiúir agus billeoga eolais.
- f. Láithreán gréasáin.
- g. Laethanta oscailte.
- h. Freastal ar imeachtaí áitiúla.

3.3 Seirbhísí a Sheachadadh

Leanfar le linn saolré na scéime leis na seirbhísí seo a leanas a sholáthar go dátheangach, nó i nGaeilge amháin nuair is cuí:

3.4 Foirmeacha larratais

Leanfar le cur ar fáil, i bhfoirm dátheangach agus faoi aon chlúdach amháin, na foirmeacha de chuid Óglaigh na hÉireann a bhaineann le hiarratais phearsanta nó aonair, cibé an mbaineann siad le custaméirí inmheánacha nó seachtracha. Tá 69 foirm in iomlán le haistriú. Déanfar líon na bhfoirmeacha a chríochnú thar ré na scéimeanna as seo amach.

Cuireadh sé cinn d'fhoirmeacha ar fáil i bhfoirm dátheangach agus faoi aon chlúdach amháin le linn na céad scéime (AF 118,180,364,39,236,429,338,673D,442) agus cuirfear na cinn thíos ar fáil i bhfoirm dátheangach

- Publication of documents as a direct consequence of obligations arising under enacted legislation (Annual Reports, Customer Services Action Plan etc.).
- Recruitment campaigns (TV, radio and press).
- Press Releases.
- Written correspondence.
- Brochures and information leaflets.
- Web site.
- Open days.
- Attendance at local events.

3.3 Delivery of Services

Óglaigh na hÉireann will continue to deliver the following services bilingually or in Irish only:

3.4 Application Forms

Forms that relate to personal or individual applications whether for internal or external customers will continue to be provided in bilingual form under single cover. There are 69 forms in total which will be made available in this form throughout the life of a number of schemes.

Six of these forms were made available in bilingual form under one cover during the first scheme (AF118, 180, 364, 39,236,338,673D, and 442) and the following will be translated during the second scheme:

agus faoi aon chlúdach amháin le linn na dara scéime:

- a. Foirmeacha AF 11 (Comhaontaithe.Talamh a áitiú ag Óglaigh na hÉireann) agus AF97 (larratas ar urscaoileadh ó na Buan-Óglaigh).

Sprioc: Roimh dheireadh na chéad bliana.

- b. Foirmeacha AF 351 (Foirmeacha AF 351 (Form do thoiliú tuismitheora-liostáil faoi 18mbliana) agus AF 340 (Fíorú ar mhionshonraí iarrthóra ar liostáil).

Sprioc: Roimh dheireadh na dara bliana.

- c. Foirmeacha AF 717 (Trialacha Feabhsú Nós Saoil agus Meastóireacht Acláiochta (FNSMA), agus AF 536 (Fórm na toghairme d'fhinnéithe sibhialacha). Leanfar le gach foirm choitianta nua a sholáthar i bhfoirm dhátheangach

Sprioc: Roimh dheireadh na tríú bliana

3.4.1 Cártai Aitheantaí Phearsanta

Leanfar ar aghaidh leis an gcóras a bunaíodh le linn na chéad scéime chun cartaí aitheantaí a eisiúnt i bfoirm dhátheangach.

Sprioc: Leanúnach

3.4.2 Fógraí

Leanfar ag foilsíú gach fógra thar ceann Óglaigh na hÉireann sna meáin cumarsáide i nGaeilge agus i

-
- a. Forms AF 11 (Form of Agreement. Occupation of Lands by the Defence Forces) and AF 97 (Application for Discharge. Permanent Defence Forces). To be completed before the end of year one.
 - b. Forms AF 351 (Form of parental consent-enlistment under 18 years*) and AF 340 (Verification of details of candidate for enlistment). To be completed before the end of year two.
 - c. Forms AF 717 (Lifestyle Improvement and Fitness Evaluation LIFE Tests) and AF 536 (Form of summons to civilian witnesses). To be completed before the end of year three.

3.4.1 Personal Identification Cards

The system established in the first scheme to issue personal identification cards in bilingual form will continue during the second scheme.

3.4.2 Notices

All advertisements published in the media on behalf of Óglaigh na hÉireann will be published in Irish and in English. Any poster or flag placed before the public or inside military locations will be in bilingual form or in the case of locations in the Gaeltacht, in Irish only.

Scéim Óglaigh na hÉireann 2010-2013

mBéarla. Beidh aon phóstaer nó bratach a cuirfear faoi bhráid an phobail nó laistigh de na suíomhanna míleata, i bhfoirm dhátheangach agus i gcás suíomhanna sa Ghaeltacht i nGaeilge amháin.

Sprioc: Leanúnach

3.4.3 Preasráitis

Leanfar leis an gcóras a bunaíodh sa chéad scéim gach preasráiteas a eisiúint sa dá theanga oifigiúla. Leanfar le leaganacha i nGaeilge amháin a eisiúint chuig na meáin Ghaeilge.

Sprioc: Leanúnach.

3.4.4 Earcaíocht

Leanfar le leabhrán a bhaineann le comórtais daltais agus printíseachta a chur ar fáil i bhfoirm dhátheangach agus faoi aon chlúdach amháin. Foilseofar ábhair dhátheangach don phobal go leictreonach seachas i bhfoirm clóite.

Leanfar le gach leabhrán eolais agus bróisiúir agus foirmeacha a bhaineann le hearcaíocht sheirbhís ginearálta chuig Óglaigh na hÉireann a chur ar fáil le leaganacha Gaeilge agus Béarla laistigh d'aon chlúdach amháin.

Beidh iarrthóirí in ann cur isteach ar phost trí Ghaeilge nó trí Bhéarla agus beidh siad in ann agallamh a dhéanamh trí Ghaeilge más mian leo.

Sprioc: Leanúnach.

3.4.3 Press Releases

The practice of issuing every press release in both official languages established in the first scheme will continue during the second scheme. Irish only versions will be sent to the Irish language media.

3.4.4 Recruitment

The practice of publishing booklets pertaining to the Cadetship or Apprenticeship competition in bilingual form will continue during the life of the second scheme. Other bilingual subjects will be communicated to the public by electronic means.

Every information booklet, brochure and form pertaining to recruitment into general service in the Defence Forces will be made available in both Irish and English under one cover.

Applicants will be able to apply in Irish or English and will be given the opportunity to conduct an interview through Irish only should they choose to do so.

3.4.5 Correspondence

Members of the Defence Forces will be enabled to communicate with higher authority through the medium of the official language of their choice. This will continue during the period of the second scheme.

3.4.5 Comhfhreagras

Leanfar ag tabhairt cúnamh do bhaill Óglaigh na hÉireann cumarsáid a dhéanamh le húdaráis níos airde sa teanga oifigiúil dá rogha fein.

Sprioc: Leanúnach.

3.4.6 Córais Ríomhaireachta, Suíomh Idirlin agus Seirbhísí Idirghníomhacha

Nilaon seirbhísí idirghníomhacha ag Óglaigh na hÉireann faoi láthair. Beidh aon tseirbhís idirghníomhacha a chuirfear ar láithreán gréasáin Óglaigh na hÉireann (www.military.ie) á chur a fáil i bhfoirm dhátheangach. Tá tábhacht faoi leith leis an tsuíomh idirlín mar go hiondúil is é an chéad fhoinsí eolais ar Óglaigh na hÉireann a aimsíonn an pobal. Dá réir sin cinnteofar go gcoimeádfar an suíomh idirlín go hiomlán dátheangach agus cothrom le dáta. Sa bhreis ar sin ó thús na scéime seo, cinnteofar go mbeidh gach uile fhoilseachán, bróisiúr agus bileog eolais, a fhoilsítear i nGaeilge nó go dátheangach, curtha suas ar an leagan Gaeilge den suíomh idirlín ag an am gcéanna leis an leagan Béarla.

Laistigh de shaolré na scéime chomh maith, cuirfear:

- Leathanach baile le rogha dul isteach sa leagan Gaeilge nó sa leagan Béarla den suíomh.
- An rogha don leagan Gaeilge a chur os cionn an rogha don leagan Béarla ar an leathanach molta seo chun an rogha Gaeilge a dhéanamh níos suntasaí.

3.4.6 Computer Services, Website and Interactive Services

There is no interactive service in the Defence Forces at present. Any interactive service that may be placed on the Defence Forces website (www.military.ie) will be bilingual.

The website has a particular importance as it is normally the first source of information accessed by the public. Accordingly, the site will be fully bilingual and continuously updated. In addition, from the beginning of this scheme every publication, brochure and information booklet that is printed in Irish or bilingually will be placed on both the Irish and English versions of the website.

The website will be updated as follows during the lifetime of the scheme:

- The home page will offer the choice of accessing the Irish or English version of the site.
- The Irish language option will be placed in a prominent position on the home page and above the English language option.
- Every page will give the user the opportunity to change from Irish to English or from English to Irish.
- Precise and accurate Irish will be used on the site.

Scéim Óglaigh na hÉireann 2010-2013

- c. Córás ann a ligeann d'úsáideoirí an tsuímh dul ó Ghaeilge go Béarla agus ó Bhéarla go Gaeilge le cnaipe amháin ar gach uile leathanach.
- d. Gaeilge chruinn ar an suíomh.
- e. Leagan Gaeilge de gach preasráiteas ann, agus beifear in ann clicéail idir an dá leagan go héasca.
- f. Seoladh Gaeilge agus seoladh Béarla ar an suíomh, www.mileata.ie chomh maith le www.military.ie agus cuirfear an dá sheoladh ar gach fógra nó billeog eolais de chuid na nÓglach chun an leagan Gaeilge a phoiblíú.

Leanfar le seiceálaí litrithe Gaeilge a bheidh ar gach ríomhaire nua de chuid Óglaigh na hÉireann agus beidh gach ríomhaire nua in ann déileáil leis an nGaeilge. Má chuireann Óglaigh na hÉireann tú le haon láithréain ghréasáin nua le linn shaolré na scéime seo beidh an t-ábhar seasta ar na láithréain ghréasáin sin dátheangach.

Sprioc: Leanúnach

3.4.7 Ríomhphost:

Leanfar le teachtaireachtaí caighdeánacha ar chórais ríomhphoist, ar nós séanadh freagrachta, i nGaeilge agus i mBéarla.

Sprioc: Leanúnach.

3.4.8 Éadach, Trealamh agus Feithicí.

Leanfar leis an nós imeachta túis áite a thabhairt don

-
- e. Every press release will be available on the site in both languages.
 - f. The Irish address (www.mileata.ie) will be available as well as the English address (www.military.ie) and these addresses will be included on every advertisement or information booklet of the Defence Forces in order to promote the Irish version of the website.

Every new computer purchased by the Defence Forces will have an Irish language spellchecker. Should the Defence Forces introduce any new website during the life of the scheme, its contents will be in bilingual form.

3.4.7 Email

The standard email disclaimer in English and Irish will continue to be used.

3.4.8 Clothing, Equipment and Vehicles

The practice of placing the Irish language in a prominent position on emblems, badges, clothing or vehicles that may be purchased during the life of the scheme will continue.

3.4.9 An Ghaeltacht

Due to the reorganisation of the Reserve Defence

Ghaeilge ar shuaitheantais, ar fheathail, nó i bhfoclaíocht ar threalamh, ar éide, nó ar fheithicí a cheannófar.

Sprioc: Leanúnach.

3.4.9 An Ghaeltacht

Toisc atheagrú sna Fórsaí Cúltaca níl ach ionad amháin a úsáid sa Ghaeltacht faoi láthair .i. An Cheathrú Rua. Leanfaidh Óglaigh na hÉireann leis an tionscnamh chun a chinntí gurb í an Ghaeilge an teanga oibre san ionad sin faoin mbliain 2012.

Sprioc: Faoi 2012.

3.4.10 Stáiseanóireacht agus Comharthaíocht

Rinneadh aistriúchán ar cheannteideal stáiseanóireachta agus ar chomharthaí i ngach aonaid i ngach suíomh in Óglaigh na hÉireann le linn na céad scéime. Tá ceannteidil litreacha gach aonad aistrithe agus tá an gealltanás sin comhlíonta. Is obair leanúnach é gach uile comhartha a aistriú go leagan dátheangach. Tá an tionscadal sin idir lámha againn agus tá dul chun cinn mór déanta go dtí seo.

Sprioc: Leanúnach

3.4.11 Foclóir Míleata

Foilsíodh leagan nua den Foclóir Béarla-Gaeilge de Théarmaí Míleata agus de Théarmaí Gaolmhara i 2007 agus sheachadadh chuig gach aonaid agus chuig eagraíochtaí éagsúla seachtracha é.

Forces there is only one unit of the Reserve locate in the Gaeltacht, that is, An Cheathrú Rua. The process of ensuring that Irish will be the working language in this unit by 2012 will continue.

3.4.10 Stationery and Signage

The translation of stationery address groups and signage in every unit and every location was completed during the first scheme. This is a continuing process and significant progress on the changing of all signage to bilingual form has been made.

3.4.11 Military Dictionary

The English-Irish Military Dictionary was updated and distributed internally and externally in 2007.

3.4.12 Career Courses

The inclusion of lectures on the Irish language on all career courses will continue.

3.4.13 Training and Education

An Chomhairle Gaeilge puts a plan in place at the beginning of each year to provide Irish language training and education to those personnel interested in the language and to those who are responsible for delivering the services through Irish as required by the Defence Forces' Scheme and the Official Languages Act.

Scéim Óglaigh na hÉireann 2010-2013

3.4.12 Cúrsaí Gairme

Leanfar le feasacht teanga mar mhír de shiollabais cúrsaí gairme

Sprioc: Leanúnach

3.4.13 Oiliúint agus Traenáil

Crutháonn Comhairle na Gaeilge plean ag túis na bliana chun traenáil agus oideachas trí Ghaeilge a sheachadadh ar lucht foghlama na Gaeilge agus iad siúd atá freagrach as seirbhísí a chur ar fáil agus gealltanais na scéime agus forálacha an Acharta a chur i bhfeidhm.

- Déantar an Ghaeilge a chothú agus a chaomhnú sa Chéad Chathlán Coisithe i nGaillimh trí aitheantas an chathláin mar aonad lánGhaelach a choimeád beo. Cuireann gach ceannasaí cathláin béisim ar an teanga agus úsáidtear an Ghaeilge chomh fada agus is féidir i gcúrsaí laethúil na bearisce.
- Roghnaítear pearsanra le cumas sa Ghaeilge chun freastail ar chúrsaí Gaeilge in ionaid oideachais aitheanta. Faoi láthair tá triúr ar chúrsa gramadaí mar ullmhúcháin do chúrsa triú leibhéal an bhliaín seo chugainn agus tá duine amháin ag freastail ar chúrsa triú leibhéal. Beidh na daoine seo ag feidhmiú mar oifigigh Ghaeilge sa todhchaí.
- Tionóltar campa Gaeilge blantúil i nDún Uí Mhaoilíosa, Gaillimh gach samhradh. Freastalaíonn breis is leathchéad mac léinn ar an gcamp. Tá an campa bunaithe ar ranganna Gaeilge in Áras Uí Chadhair sa Cheathrú Rua faoi stiúir Acadamh na hOllscoilaíochta Gaeilge móide imeachtaí cultúrtha

sa Ghaeltacht mháguaird.

- Spreagtar daoine le suim sa Ghaeilge freastail ar chúrsaí Gaeilge
- Tugtar tacaíocht agus spreagadh do dhaoine ar mhian leo a gcuid Gaeilge a fheabhsú trí leabhair ghamadaí agus foclóirí a chur ar fáil agus trí chomhairle a thabhairt dóibh ar na háiseanna ar líne a fhaightear ar shuíomh Fhoras na Gaeilge.

Sprioc: Leanúnach

Caibidil 4

Faireachán agus Athbhreithniú

4.1 Déanfaidh an Chomhairle Gaeilge faireachán agus athbhreithniú leanúnach ar oibriú na Scéime. Cuirfear tuairisc ar thorthaí na monatóireachta sin faoi bhráid an Cheann Foirne ag deireadh gach bliana. Déanfar an mhonatóireacht trí:

- a. Dhul chun cinn gealltanais na scéime a mheas;
- b. Mheasúnú ar thorthaí na gcúrsaí oiliúna ar a bhfreastalaíonn baill na heagraíochta;
- c. Theagmheas agus nádúr aon ghearáin ná aon mholtáí ón bpobal maidir le soláthar seirbhísí i nGaeilge ag Óglaigh na hÉireann;
- d. Mheasúnú ar infheicteach úsáid na Gaeilge i measc na bhfórsaí;
- e. Léirmheas a dhéanamh ar ráchaithe sheirbhísí Gaeilge ón bpobal agus ón bhallraíocht féin.

-
- The 1st Infantry Battalion will continue to be supported and preserved as an Irish speaking unit. Each commander of the battalion places an emphasis on the language and Irish is used as the working language of the barracks on a daily basis in as far as is possible.
 - Personnel will be selected to undertake Irish language courses in recognised colleges. At present three are attending an intensive grammar course in preparation for a third level course in the coming year. These will be appointed as Irish Language officers in the future.
 - An Irish summer camp is organised each year in Dún Uí Mhaoilíosa, Galway. Over fifty personnel normally attend. The programme is based on language classes in Áras Uí Chadhair in Carraroe under the direction of Acadamh na hOllscoilaíochta Gaeilge, NUIG as well as cultural activities in the surrounding Gaeltacht area.
 - Personnel interested in the language will be encouraged to attend Irish language courses.
 - Members of the Defence Forces who wish to improve their capability in Irish will be supported by the provision of Irish grammar books and dictionaries and the provision of advice on the facilities available online.

Chapter 4

Supervision and Review.

4.1 An Chomhairle Gaeilge will continually review the workings of the scheme. A report on the results of this monitoring will be sent to the Chief of Staff at the end of each year. Supervision will be carried out as follows:

- a. Assessment of the progress of the scheme;
- b. Monitoring of the results of the personnel who attend courses of education;
- c. Examination of any complaint or any recommendation made by members of the public on the subject of the provision of services in Irish by the Defence Forces;
- d. Assessment of the visibility of the use of Irish within the organisation.
- e. Review the demand for service in Irish from the public and the members of the Defence Forces.

Scéim Óglaigh na hÉireann 2010-2013

Caibidil 5

Poiblíocht agus Cur Chun Cinn na Scéime Comhaontaithe.

5.1 Cuirfear ábhar na Scéime seo, mar aon lena gealltanais agus forálacha ar fáil don phobal ginearálta trí:

- a. An Scéim a dháileadh ar ghníomhaireseachtaí agus ar chomhlacthaí poiblí cuí.
- b. Áit shuntasach a thabhairt don scéim ar shuíomh idirlín Óglaigh na hÉireann.
- c. Alt feiceálach a thabhairt don Scéim sa Ráiteas Straitéis comónta na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann.

Ina theannta sin, déanfaidh Óglaigh na hÉireann gach iarracht na seirbhísí a chuireann sí ar fáil trí Ghaeilge a chur chun cinn agus a fhogairt, lena n-áirítear:

- A chur in iúl go díreach, ar bhonn gníomhach do chustaiméirí go bhfuil rogha acu plé le Óglaigh na hÉireann i nGaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chrochadh sna hOifigí fáilte agus go soiléir ar shuíomh gréasáin na heagraíochta ina léireofaí go bhfuil seirbhís trí Ghaeilge ar fáil;

- Fónótaí a chur ar fhoirmeacha iarratais ag cur in iúl go bhfuil na doiciméid seo ar fáil i nGaeilge chomh maith (sa chás nach mbíonn an t-ábhar dátheangach ar fáil faoi aon chlúdach amháin); agus

- Nótaí a chur i bhfoilseacháin agus i bhfógraí ag cur in iúl go gcuireann Óglaigh na hÉireann seirbhísí ar fáil i nGaeilge, agus dá bhrí sin, go gcuirtear fáilte roimh chustaiméirí ar mian leo plé linn i nGaeilge, de réir na ngealltanás atá sa scéim seo.

- 5.2 Tá cóip den Scéim seo curtha ar aghaidh chuig Oifig an Choimisiúna Teanga chomh maith le gach duine díobh siúd a chuir aighneachtaí faoi bhráid Óglaigh na hÉireann le linn forbairt na Scéime nua.

Is é an leagan Gaeilge an bun leagan den scéim seo.

Chapter 5

Publicising and Promoting the Approved Scheme.

5.1 This scheme will be made available to the general public in the following way:

- a. The scheme will be delivered to appropriate businesses and public bodies.
- b. It will be prominently displayed of the Defence Forces' website.
- c. It will be included in the combined Strategy Statement of the Department of Defence and the Defence Forces.

In addition, the Defence Forces will make every effort to publicise the availability of its service through Irish by:

- Placing notices in public offices and on the website informing customers that service through Irish is available.
- Including a footnote at the end of application forms that the document is available in Irish (in cases where a bilingual form is not available).

- Placing notices in publications and advertisements informing customers of services through Irish and welcoming those who wish to avail of such service.

- 5.2 A copy of this scheme has been sent to the office of An Coimisiún Teanga and to all who made submissions to the Defence Forces during the drafting of the scheme.

The Irish language version is the original version of this scheme.